An Bord Pinsean
The Pensions Board

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2012

www.anbordpinsean.ie

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 4 |
| Comhaltaí Boird | 8 |
| Ag baint amach cuspóirí straitéiseacha an Bhoird | 9 |
| Coistí agus meithleacha oibre reatha an Bhoird | 14 |
| Eagraíocht éifeachtúil a reáchtáil | 16 |
| Foireann an Bhoird Pinsean | 17 |
| **Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012** | |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 19 |
| Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird | 21 |
| Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais | 22 |
| Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta | 23 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | 24 |
| Clár comhardaithe | 25 |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | 26 |
| Nótaí leis na ráitis airgeadais | 27 |

**Aguisín I:** Ballraíocht de choistí agus meithleacha oibre reatha an Bhoird

**Aguisín II:** Táscairí monatóireachta bliantúla

**Aguisín III:** Príomhtháscairí feidhmíochta

**Aguisín IV:** Ionchúisimh an Bhoird Pinsean 2012

**Aguisín V:** Ballraíocht na scéimeanna pinsean gairme agus na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta

**Aguisín VI:** Leabhráin faisnéise, seicliostaí agus CCanna nuashonraithe in 2012



# Ráiteas an Chathaoirligh

Is í an aidhm atá le pinsin ghairme agus phearsanta ná pinsin intuartha agus shlána a sholáthar, chun an pinsean atá á sholáthar ag an Stát a fhorlíonadh. D'eascair coincheap na bpinsean ón aidhm a bhí ann ioncam a sholáthar do dhaoine nuair nach raibh ar a gcumas a bheith ag obair a thuilleadh. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn le 70 bliain anuas, agus ar an meán táimid ag maireachtáil go bhfuilimid amach sna 80aidí, táimid ag dul ar scor níos luaithe agus tá ionchais againn a bhaineann le saol taitneamhach a chaitheamh nuair a théimid ar scor. Ach tá an dul chun cinn sin, mar aon le suaitheadh geilleagrach agus airgeadais na gcúig bliana atá caite, ag cur choincheap bunúsach na bpinsean i mbaol. Ní mór dúinn, mar shochaí, athmheasúnú a dhéanamh ar impleachtaí an dul chun cinn seo i dtéarmaí ár n-ionchas pinsean agus an fíorchostas a bhaineann leis na hionchais seo a sheachadadh. Tá soláthar maith pinsin costasach. Tá pinsin fhorlíontacha mhaithe indéanta agus inacmhainne, áfach, má thosaímid ag coigilt go luath, má dhéantar coigilteas a infheistiú go stuama agus más ionann na costais a bhaineann leis an bpinsean a chothú agus luach ar airgead.

Príomhdhúshlán atá le sárú againn muinín agus iontaoibh sa chóras pinsean a athshlánú. Bhain impleacht na géarchéime airgeadais ar luachanna cistí pinsean an bonn d'iontaoibh i bpinsin, mar aon leis an laghdú ar mhuinín in institiúidí airgeadais agus éiginnteacht maidir leis an réimeas cánachais a bheidh ann amach anseo i ndáil le ranníocaíochtaí pinsin. Chuige seo, fáiltíonn an Bord roimh dheimhniú an Rialtais nach leanfar leis an tobhach pinsin i ndiaidh 2014. Tá feabhas tagtha ar an timpeallacht infheistíochta do phinsin ó tharla torthaí feabhsaithe a bheidh ag eascairt as margaí infheistíochta. Ábhar imní go fóill, áfach, an timpeallacht gheilleagrach agus tá laghdú mór tagtha ar choigilt don scor. Is léir ó na sonraí is déanaí atá le fáil againn tuilleadh laghdaithe fós a bheith tagtha ar an líon pinsean forlíontach i measc an phobail oibre. Is léir ó thaighde atá déanta againn go dtuigeann daoine an tábhacht atá le pinsin fhorlíontacha i bpleanáil do scor compordach. Ach bhí meascán d'imthosca geilleagracha agus, b'fhéidir, éiginnteacht maidir le hiontaofacht an ghealltanais pinsin, áfach, mar bhonn le clúdach forlíontach laghdaithe.

Fáiltím roimh thionscnamh an Aire an OECD a choimisiúnú chun tráchtaireacht úsáideach agus thráthúil a dhéanamh ar na dúshláin reatha agus ar na roghanna is féidir a chur san áireamh. Cúis dóchais an anailís ar rath na hÉireann maidir leis an nglúin níos sine a shábháil ó riosca na bochtaineachta. Fianaise atá sa tuarascáil ar mhuirir phinsin, ullmhaithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, ar an ngá atá le faireachas maidir le costais phinsin. Chomh maith leis sin, tarraingítear aird sa tuarascáil ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le hathrú struchtúrach chun déileáil leis na neamhéifeachtúlachtaí ar de dhlúth agus d'inneach líon mór scéimeanna níos lú iad. Sa chás gur ann do mhuirir iomarcacha, bíonn impleacht acu ar mhuinín i bpinsin. Sa lá atá inniu ann, ní mór gurb ionann gach táirge agus gach seirbhís pinsin agus luach ar airgead.

Bunaithe ar na hathruithe suntasacha atá tarlaithe sa mhargadh saothair, feidhmiú infheistíochta na bpinsean agus taithí daoine ag bhí ag coigilt do phinsean le déanaí, is den tábhacht é go ndéanaimid athmheasúnú ar ár dtuiscint ar iompraíocht a bhaineann le pinsean. Tá athrú ag teacht ar iompraíochtaí tomhaltóirí agus ar dhearcthaí i ndáil le coigilteas pinsean. Is den tábhacht é go dtuigimid a leithéid sin d'athruithe ina iomláine. Baineann fíorthábhacht lena leithéid sin de thuiscint i ndáil le measúnú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an mBord i gcinntiú go mbeidh pinsin níos mealltaí. Tá sé seo fíor go háirithe sna catagóirí fostaithe sin nach dócha go mbeidh an soláthar cuí acu do chlúdach tánaisteach pinsin m.sh. mná, fostaithe sealadacha agus páirtaimseartha, fostaithe sna hearnálacha fáilteachais agus seirbhísí oifige agus oibrithe níos óige atá ag tús a ngairme. Tá tús curtha le sonraíocht an taighde seo agus déanfar an obair allamuigh i rith 2013.


Is coincheap simplí an coincheap a bhaineann le coigilt do phinsean – is ionann é agus coigilt don scor agus deis tairbhe a bhaint as faoiseamh cánach. Mar sin féin, tá an córas pinsean éirithe fíorchasta agus is beag tuiscint atá ag an ngnáthdhuine nach bhfuil idir am agus fonn orthu an córas a oibriú amach dóibh féin. Tá an Bord den tuairim go bhféadfaí pinsin a dhéanamh níos mealltaí, níos inrochtaine agus níos inchreidte trí ghnéithe den chóras pinsean a shimpliú. Tá dul chun cinn déanta againn i ndáil leis an obair seo a shonrú agus beimid á cur chun feidhme in 2013.

Is é an príomhchúram atá ar an mBord Pinsean tacú le pinsin fhorlíontacha shlána agus intuartha. Déanaimid é seo trína chinntiú go gcuirtear na rialacha i bhfeidhm, trí chabhrú leis an bpobal a gcearta a thuiscint, agus le hiontaobhaithe a bhfreagrachtaí a thuiscint, agus trí chomhairle a chur ar an Aire agus ar an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ranna eile. Tá píosaí suntasacha oibre curtha i gcrích ag fochoistí agus ag meithleacha oibre an Bhoird, ag obair i dteannta leis an bPríomhfheidhmeannach, i rith 2012 d'fhonn déileáil le príomh-shaincheisteanna (Tá cur síos níos mionsonraithe le fáil ar an obair seo i dtuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh). D'fhógair an tAire struchtúr athbhreithnithe a áireoidh Údarás Pinsean a bheidh freagrach as maoirseacht oibríochtúil a sholáthar agus Comhairle Pinsean a bheidh freagrach as comhairle faoi bheartas a sholáthar, agus idirdhealú a dhéanamh idir an mhaoirseacht agus idir na feidhmeanna comhairle beartais. Tá gach cosúlacht ar an scéal go leanfaidh na struchtúir nua seo ag déileáil le saincheisteanna dála scéimeanna easnaimh, leorgacht na ranníocaíochtaí, neamhleorgacht an chumhdaigh agus saincheisteanna eile atá ar ár gclár oibre le breis is dhá bhliain go leith anuas. Guímid gach rath ar chomhaltaí na struchtúr nua le linn dóibh a róil thábhachtacha a chur i gcrích.

Gabhaim buíochas ó chroí leis an Aire agus lena hoifigigh a bhí éilitheach agus tacúil, le linn dóibh an méid tairbhe agus a d'fhéadfaidís a bhaint as an mBord agus deis a thabhairt dúinn úsáid a bhaint as an saineolas atá ag na comhaltaí Boird agus ag an bhFeidhmeannach chun straitéis an Bhoird a sheachadadh agus chun tacú le hobair na Roinne.

Is mian liom buíochas a ghabháil le Feidhmeannach an Bhoird as an tacaíocht leanúnach; as an obair mhór agus as an tiomantas atá léirithe aige i ndáil le rialú, faisnéis agus comhairle polasaí a sholáthar; agus as an eolas agus an saineolas atá aige sa réimse casta seo. Is mian liom tagairt ar leith a dhéanamh do cheannaireacht agus d'éiteas an Phríomhfheidhmeannaigh, a chuireann a dhomhaintuiscint ar phinsin agus a thiomantas don tseirbhís phoiblí go mór le hobair an Bhoird Pinsean.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird as a gcuid ama agus saineolais a roinnt linn. Tá go leor ama i gceist le feidhmiú mar chomhalta Boird, mar aon le ballraíocht ar fhochoistí agus ar mheithleacha oibre an Bhoird. Chomh maith leis sin, tá éiteas na seirbhíse poiblí acu mar chomhaltaí Boird agus mar chomhaltaí meithleacha a thugann siad leo óna bpost laethúil. Cabhraíonn a gcuid tuiscintí agus moltaí úsáideacha le feidhmiú pholasaí an Rialtais ar bhealaí a chinntíonn go bhfuil sé níos éifeachtaí, go laghdaítear aon iarmhairtí neamhbheartaithe agus áit nach bhfuil sé seo indéanta, cinntítear go dtuigeann an tAire agus an Roinn na hiarmhairtí poitéinsiúla ionas go bhfuil ar a gcumas cinntí lán-eolasacha a dhéanamh.



**Jane Williams**
*Cathaoirleach*



# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

## Rialáil

In 2012, mar a bhí i gceist le blianta beaga anuas, tá go leor ama agus dua caite ag an mBord ar chásanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh, cásanna inar theip ar roinnt fostóirí sa tionscal tógála ranníocaíochtaí a aisíoc chuig scéim pinsin i ndiaidh iad a asbhaint as pá na bhfostaithe. D'eascair líon suntasach ionchúiseamh agus ciontuithe cuideachtaí as an obair seo agus, in a lán cásanna, stiúrthóirí, agus leanadh leo seo in 2013. Chomh maith leis sin, rinne an Bord imscrúdú ar chionta eile agus é mar aidhm ionchúisimh a dhéanamh a luaithe agus is féidir.

D'eascair ionchúisimh sa tionscal tógála as sceithireacht iontaobhaithe na scéime agus daoine eile, agus tá an líon foláireamh seo ag laghdú go suntasach anois. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar chumas an Bhoird in 2013 níos mó ama a chaitheamh ar mhaoirseacht réamhghníomhach agus go mbeimid in ann ár n-aird a dhíriú ar réimsí neamhchomhlíonta eile.

Is iad tosaíochtaí riosca an Bhoird atá mar bhonn lenár gcuid oibre, rud a chiallaíonn go mbeidh níos mó aird á díriú againn i gcónaí ar sháruithe níos tromchúisí. Ní chiallaíonn sé seo, áfach, go mbeidh neamhaird á tabhairt againn ar aon réimse comhlíonta. Os a choinne sin, de bhrí go mbraitheann maoirseacht ar a bheith in ann an fhaisnéis chuí a fháil, déileálfaimid le cásanna ina dteipeann ar dhaoine a bhfuil baint acu le scéimeanna pinsin cloí lena bhfreagrachtaí dlíthiúla faisnéis a sholáthar don Bhord.

D'fhéadfadh drochriarachán pinsean agus coimeád taifead a bheith mar bhonn le comhaltaí a bheith fágtha gan na sochair ar fad ba chóir a bheith á bhfáil acu, i nganfhios dóibh féin b'fhéidir. Dá réir sin, baineann tábhacht ar leith leis an maoirseacht a dhéanann an Bord ar Riarthóirí Cláraithe. I rith 2012, chuir an Bord 28 imscrúdú ar an láthair i gcrích. I gceithre chás, chiallaigh caighdeán an riaracháin, mura raibh beart ceartaitheach curtha i gcrích, gur smaoinigh an Bord ar chlárúchán an riarthóra i gceist a aistarraingt. Cúis iontais é go mbeadh aon riarthóir chomh haineolach sin ar a fhreagrachtaí go dtarlódh a leithéid. Leanfaidh an Bord leis na himscrúduithe seo ar an láthair in 2013 agus sna blianta amach romhainn, agus le céimeanna cuí maidir le déileáil lena thorthaí, i gcomhar leis an mBanc Ceannais áit ar cuí.

Tá an céatadán scéimeanna nach bhfuil a bhfreagracht dlí maidir le Riarthóir Cláraithe a cheapadh comhlíonta ag na hiontaobhaithe ró-ard, agus is ar an bpointe sin a bheidh gníomhaíocht an Bhoird dírithe sna míonna amach romhainn. Ba cheart go dtuigfeadh iontaobhaithe go bhféadfadh teip Riarthóir Cláraithe a cheapadh a bheith mar bhonn le hionchúiseamh. Ba cheart go dtuigfeadh riarthóirí gur cion é feidhmiú mar Riarthóir Cláraithe ach amháin sa chás go bhfuil riarthóir ceaptha chuige sin ag iontaobhaithe na scéime.

Réimse eile ina bhfuil an leibhéal comhlíonta ró-íseal é soláthar fhaisnéise bhliantúil na scéime. Tabharfaidh an Bord aird ar leith ar an bpointe seo in 2013 chomh maith.

## Clúdach pinsin

Is léir ón tuarascáil bhliantúil tuilleadh laghdaithe fós a bheith ar líon comhaltaí gníomhacha na scéimeanna pinsin. Ní ábhar iontais é seo ó tharla geilleagar na tíre a bheith mar atá agus i bhfianaise na ndeacrachtaí atá le sárú ag an lucht oibre agus ag fostóirí. Dá ainneoin sin, is cúis imní atá ann.

Is den tábhacht é go mbeidh aon díospóireacht maidir leis an mbealach is fearr chun pinsin níos fearr a sholáthar bunaithe ar thuiscint réalaíoch ar an gcostas a bhainfidh le pinsin oiriúnacha. Ní mór chomh maith go mbeimid toilteanach scrúdú a dhéanamh faoinár dtoimhdí maidir lena bhfuil i gceist le hionchais réasúnta pinsin, go háirithe i ré seo na rátaí úis íseal.

Tagaim lena bhfuil le rá ag an gCathaoirleach maidir leis an tábhacht a bhaineann le cobhsaíocht agus le hiontaoibh sa chóras pinsean, agus tuigimid an fhreagracht atá ar an mBord feidhmiú trí rialáil éifeachtach, comhairle faoi pholasaí agus faisnéis a sholáthar.

## Ranníocaíocht sainithe

Ní mór go dtabharfadh obair an Bhoird léargas ar an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le coigilteas pinsin ranníocaíocht sainithe (RS), agus tá tús curtha againn le déileáil le roinnt saincheisteanna a bhaineann le RS. Is é cuspóir obair an Bhoird sa réimse seo a chinntiú go mbeidh na torthaí is fearr agus is féidir á soláthar do rannpháirtithe. Is iad na saincheisteanna is tábhachtaí i ndáil le ranníocaíocht sainithe rioscaí agus caillteanais infheistíochta, neamhleorgacht ranníocaíochtaí agus costas, agus beidh meascán de rialáil

bhreise mholta, eolas ó rannpháirtithe agus treoir ó iontaobhaithe i gceist le hobair an Bhoird. Túschéim thábhachtach iad na treoirlínte infheistíochta eisithe ag an mBord ag tús 2013.

Ceann de na himeachtaí is tábhachtaí a reáchtáladh i ndáil le pinsin le déanaí ba ea an tuarascáil a d'eisigh an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le muirir phinsin, tuarascáil atá ábhartha go háirithe do shocruithe a bhaineann le ranníocaíocht sainithe. Léirítear sa tuarascáil seo gur ann do scéimeanna pinsin a sholáthraíonn torthaí maithe do chomhaltaí, ach tá cásanna ann ina bhfuil na muirir i bhfad níos airde ná mar atá réasúnta. Níl aon réiteach simplí ar na saincheisteanna seo, agus tá go leor oibre le déanamh d'fhonn a chinntiú go bhfaigheann gach comhalta scéim pinsin luach ar airgead. Ceann de na torthaí is tábhachtaí na difríochtaí atá le sonrú sna torthaí idir scéimeanna beaga agus scéimeanna móra. Tá níos mó scéimeanna beaga agus singile comhaltaí in Éirinn ná i dtír ar bith eile san Eoraip, agus níos minice ná a mhalairt, is éard a bhíonn mar thoradh air seo luach níos measa ar airgead agus caighdeáin rialachais níos ísle. Is í tuairim an Bhoird go mbeadh níos mó tairbhe le sonrú dá ndéanfaí scéimeanna níos lú a dhímholadh agus tá roinnt tionscnamh á gcur san áireamh sa réimse seo. Déanfaidh an Bord a mhachnamh ar mholtaí reachtacha a chur faoi bhráid an Aire Coimirce Sóisialaí maidir leis an gceist seo. Chomh maith leis sin, tá roinnt freagairtí sainiúla ar na moltaí a rinneadh sa tuarascáil tionscanta aige, lena n-áirítear feasacht níos fearr maidir le muirir a ghearrtar ar chomhaltaí, iontaobhaithe agus fostóirí scéim pinsean, impleacht na nochtaí ar tháillí agus ar mhuirir a fheabhsú agus inchomparáideacht na muirear ar tháirgí difriúla pinsean a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, tá an Bord i mbun machnaimh ar ról agus ar fheidhmiú iontaobhaithe RS agus ar an tslí is fearr lena chinntiú go mbíonn ról na n-iontaobhaithe mar bhonn le torthaí a fheabhsú do chomhaltaí, agus déanfar tuilleadh plé ar an gceist sin i rith 2013.

## Sochar sainithe

Ainneoin go raibh torthaí infheistíochta go maith i rith 2012, ní raibh feabhas le tabhairt faoi deara i seasamh na scéimeanna sochair shainithe. Tá líon níos lú sócmhainní ná mar a theastaíonn chun an caighdeán maoinithe a chomhlíonadh ag formhór a leithéid sin de scéimeanna, agus ní mór dóibh plean athshlánaithe a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird faoi lár 2013. Tuigeann an Bord go mbeidh go leor dúshlán le sárú ag go leor iontaobhaithe scéime agus a leithéid sin de phlean á ullmhú.

Is é cuspóir an chaighdeáin maoinithe a chinntiú go bhfuil na ranníocaíochtaí oiriúnach, agus go bhfuil dóchúlacht réasúnta go mbeidh na sochair ghealllta á soláthar ag an scéim do na comhaltaí ar fad. Gan caighdeán oiriúnach, tá riosca suntasach ann faoin am go mbeidh comhaltaí níos óige ag dul ar scor, go mbeidh sócmhainní na scéime ídithe ó tharla sochair a bheith á n-íoc leo siúd atá imithe ar scor rompu; dá fhaide an tréimhse a fhágtar scéimeanna gan an caighdeán a chomhlíonadh, is ea is mó an riosca.

Ábhar imní dúinn ar bhonn leanúnach an tuiscint atá ag roinnt iontaobhaithe sochair shainithe ar a ról agus a bhfreagrachtaí. Is é an tasc atá le cur i gcrích ag iontaobhaithe an scéim a bhainistiú a mhéid agus is féidir agus a chinntiú go bhfaigheann comhaltaí agus tairbhithe na sochair a gealladh faoi rialacha na scéime. Ciallaíonn sé seo nach mór go dtuigfeadh iontaobhaithe airgeadas na scéime agus na rioscaí atá le sárú, agus conas an scéim a bhainistiú chun na rioscaí seo a mhaolú. Baineann tábhacht leis seo go háirithe i gcomhthéacs rioscaí infheistíochta, a mbíonn tionchar díréireach acu ar chomhaltaí níos óige na scéime.

Ábhar imní do go leor daoine a bhfuil baint acu le pinsin gurb í an éifeacht a bheidh ag rialacha caighdeánacha maoinithe go gcuirfidh siad oibleagáid ar scéimeanna pinsean sealbhú bannaí a mhéadú, agus i ndáil le formhór na scéimeanna, is dócha gurb é sin a bheidh i gceist. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil céatadán níos airde gnáthscaireanna ag scéimeanna pinsean in Éirinn ná aon tír inchomparáide eile áit nach bhfuil dualgas ar an bhfostóir an gealltanas pinsin a fhrithghealladh. Is fiú a lua freisin gurb é ceann de phríomhchúiseanna easnaimh reatha na scéimeanna sochair shainithe drogall na sealúchas ard-chothromais agus na scéimeanna a chosaint i bpáirt, ar a laghad, i gcoinne éifeacht na rátaí úis laghdaitheacha trí shealúchas bannaí níos airde.

Is é dearcadh an Bhoird nach mór go mbeadh straitéis infheistíochta bunaithe ar nádúr dhliteanais na scéime, atá i gcás ar bith, bunaithe ar oibleagáid atá ar iontaobhaithe faoi na rialacháin infheistíochta. Fad is gurb iad oibleagáidí na scéimeanna sochair shainithe ioncam seasta scoir a sholáthar, tá an chosúlacht ar an scéil go n-áireoidh an straitéis infheistíochta is oiriúnaí líon comhionann bannaí ar ardchaighdeán, mura bhfuil farasbarr réasúnta ag an scéim nó mura bhfuil an fostóir urraithe toilteanach agus in ann polasaí infheistíochta nach bhfuil chomh comhionann céanna a fhrithghealladh.

Tá roinnt mhaith plé déanta i roinnt tíortha, go háirithe sa Ríocht Aontaithe agus san Ísiltír, faoi chostas agus faoi inbhuanaitheacht an ghealltanais sochair shainithe mar aon le plé maidir lena mhalairt de chur chuige. Ceist a bhaineann leis an bhfostóir urraithe, comhaltaí scéime agus a n-ionadaithe é an cineál sochar a bheidh á soláthar ag pinsin ghairme. Is é dearcadh an Bhoird, áfach, go mbeadh sé úsáideach smaoineamh ar shamhlacha malartacha de sholáthar scoir, agus gan dearadh na scéime a theorannú do shochar sainithe traidisiúnta ná a mhalairt, ranníocaíocht shainithe ghlan.

## Seirbhísí faisnéise

Is ionann rialáil agus páirt amháin de mhéid atá ag teastáil le tacú le soláthar pinsin. Teastaíonn foinse neamhspleách, ábhartha agus intuigthe faisnéise ó dhaoine atá ag coigilt dá scor faoi láthair nó atá ag smaoineamh ar a leithéid. Tá sé mar aidhm ag an mBord an fhaisnéis sin a sholáthar trínár láithreán gréasáin, trí fhoilseacháin, agus trí labhairt le daoine a dhéanann teagmháil leis an mBord.

Ní leor faisnéis atá ceart go teicniúil a sholáthar: ní mór faisnéis a tháirgeadh i bhfoirm a oireann don té a lorg an fhaisnéis sin agus ní mór go mbeadh an fhaisnéis intuigthe. Tá a láithreán gréasáin athchumraithe ag an mBord ionas go bhfuil an fhaisnéis atá á soláthar don phobal struchtúrtha ar bhealach a oireann do na comhaltaí, bunaithe ar a riachtanais agus staid reatha. Leanfaimid orainn ag obair ar gach gné den soláthar faisnéise ionas go mbeidh an fhaisnéis chomh húsáidí agus is féidir, agus déanfaimid cuntas de na forbairtí a rinneadh sa réimse seo le déanaí i ndáil lenár gcuid oibre féin agus i ndáil leis an gcomhairle a sholáthraímid don Aire Coimirce Sóisialaí.

Ní hionann riachtanais na n-iontaobhaithe agus riachtanais na rannpháirtithe, agus tuigimid an fhreagracht atá orainn na riachtanais shainiúla seo a chomhlíonadh. Tá freagracht chomhionann ar iontaobhaithe a aithint go dteastaíonn eolas sainiúil chun a ról a chomhlíonadh, agus chun céimeanna a chur i gcrích chun an eolas sin a fháil. Tá réimse leathan modhanna oiliúna ar fáil d'iontaobhaithe, lena n-áirítear áis ar líne an Bhoird, ach tá an Bord dírithe ar an bpointe nach bhfuil mionlach iontaobhaithe, iontaobhaithe RS go háirithe, ag comhlíonadh a n-oibleagáidí oiliúna: tá tús áite á thabhairt againn don phointe seo in 2013.

## Gníomhaíocht agus comhairle beartais

Tá reachtaíocht a bhaineann le pinsin casta. Dá thoradh sin, éilíonn aon athrú molta ar reachtaíocht, rialáil nó treoir pinsean go leor oibre agus eolais d'fhonn a chinntiú go bhfuil a leithéid comhsheasmhach le forálacha reatha agus nach n-eascraíonn aon iarmhairtí neamhbheartaithe as a leithéid. I rith 2012, sholáthair comhaltaí d'Fheidhmeannach an Bhoird tacaíocht theicniúil don Roinn Coimirce Sóisialaí i ndáil leis an reachtaíocht agus rialachán a ullmhú chun athruithe a chur i bhfeidhm ar an gcaighdeán maoinithe sochair shainithe, agus chomh maith leis sin d'eisigh an Bord a threoir reachtúil féin maidir le gnéithe ábhartha de na hathruithe reachtacha. Chomh maith leis sin, chuir an Feidhmeannach críoch le feidhmiú na mblianachtaí flaithiúnais agus deimhniú na dtáirgí tosaigh: is ionann é seo agus sampla de choincheap réasúnta simplí ar bhain go leor castachtaí lena chur i bhfeidhm. Níl obair dhlíthiúil, bheartais agus theicniúil an Fheidhmeannaigh sofheicthe, ach tá sé mar bhonn le go leor den obair eile a dhéanann an Bord, agus ní mór go mbeadh an obair seo ar fad ar ardchaighdeán.

## An eagraíocht a bhainistiú

Tá obair laethúil an Bhoird á maoiniú go hiomlán trí mheán táillí na scéime pinsin ghairme agus na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP). Seachas an maoiniú atá leithdháilte ag an Roinn Coimirce Sóisialta don Fheachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean 2012, ní fhaigheann an Bord maoiniú ar bith ón Státchiste.

Tá easnamh de chuid €738,000 le sonrú ar ár ráitis airgeadais do 2012. D'eascair an t-easnamh seo as earcú 12 comhalta foirne breise forfheidhmithe agus dlí in 2011 agus 2012 i ndiaidh smachtbhanna na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe acmhainní breise foirne a sholáthar don Bhord. Is éard atá i gceist sa 12 post breise sé phost bhuan agus sé phost ar conradh trí bliana. Is fiú a lua, ainneoin na gcomhaltaí foirne breise, go raibh caiteachas iomlán an Bhoird níos ísle in 2012 ná mar a bhí in 2006.

Is ionann é seo agus an chéad easnamh tabhaithe ag an mBord ó 2001: is léargas é an taifead seo ar fheasacht an Bhoird ar a fhreagracht a ghnóthaí a bhainistiú ar an mbealach is costéifeachtaí agus is féidir. Le blianta beaga anuas, d'éirigh leis an mBord éifeachtúlachtaí a bhaint amach in go leor réimsí, lena n-áirítear obair chomhairleachta agus dlí, costais oifige agus TF, agus ba é an coigilteas sin a bhí mar bhonn le dhá laghdú fhéideartha eile ar tháillí le blianta beaga anuas.

Bunaithe ar acmhainní reatha an Bhoird, ní gá na táillí Boird a mhéadú láithreach baill. Tá na costais a bhaineann le reáchtáil an Bhoird níos airde, áfach, ná an táille ioncaim reatha agus táthar ag súil gur amhlaidh a bheidh sna blianta amach romhainn. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach táillí a mhéadú amach anseo. Leanfaimid orainn le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar ár seasamh airgeadais.

## Conclúid

Tá dea-chaidreamh oibre ag an mBord leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, ach tá meas ag an am céanna ar an ról ar leith atá acu beirt laistigh den chóras pinsean. Tá ardmheas againn ar an tacaíocht a fhaighimid ón Roinn agus táimid ag súil le bheith ag obair lenár gcomhghleacaithe Roinne amach anseo.

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Boird as a dtacaíocht, a dtiomantas agus as an díograis atá léirithe acu i rith 2012.

Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus comhaltaí an Bhoird a roinneann a gcuid eolais agus taithí leis an mBord agus a thugann dúshlán fhoireann an Bhoird agus a chéile d'fhonn a chinntiú go leanaimid orainn ag freagairt do na deacrachtaí atá le sárú ag pinsin in Éirinn.

Is ionann an fógra is déanaí ón Aire Coimirce Sóisialaí maidir le hathruithe ar struchtúr an Bhoird agus Comhairle Pinsean a bhunú agus athrú suntasach ar an gcaidreamh idir an eagraíocht seo agus na heagraíochtaí ar fad a bhfuil baint acu le pinsin. Soláthróidh an Chomhairle fóram do na páirtithe leasmhara pinsin ar fad chun deis a thabhairt dóibh a ndearcthaí a roinnt agus comhairle a chur ar an Aire. Tá mé féin agus mo chomhghleacaithe ag súil le bheith ag obair leis an gComhairle Pinsean chun an obair thábhachtach seo a chur i gcrích agus chun dlús a chur faoi ghníomhaíocht chomhairle beartais na gcomhaltaí Boird reatha agus na n-iar-chomhaltaí Boird.



**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

# An Bord Pinsean

Is comhlacht reachtúil é an Bord Pinsean ar a bhfuil cathaoirleach agus suas le 16 gnáthchomhalta. Cé gur é an tAire Coimirce Sóisialaí a cheapann baill uile an Bhoird, faoi fhorálacha Acht na bPinsean (an tAcht), ní mór go mbeadh ionadaithe na gceardchumann, fostóirí, leasa tomhaltóirí, leasa pinsinéirí, an Rialtas, an tionscal pinsean, iontaobhaithe comhalta agus grúpaí gairmiúla a bhfuil baint acu le socruithe pinsin ar an mBord.

Is é cúig bliana an téarma oifige do chomhaltaí an Bhoird. Ar an 22 Nollaig 2010, d'fhógair an tAire Coimirce Sóisialaí ceapachán na gcomhaltaí Boird reatha.

Ar an 23ú Aibreán 2013, d'fhógair an tAire Coimirce Sóisialaí roinnt athruithe molta i ndáil le struchtúr an Bhoird Pinsean d'fhonn rialachas agus rialúchán phinsin ghairme na tíre a neartú. Cuirfear na hathruithe reachtacha san áireamh sa Bhille Leasa Shóisialaigh 2013.

Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Bhoird:



**Jane Williams**
*Cathaoirleach*
The Sia Group
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
*(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)*



**Rosalind Briggs**
Mercer
Ainmnithe ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn
*(Tinreamh cruinnithe boird: 8/9)*



**Noreen Deegan**
Friends First
Ainmnithe ag IBEC
*(Tinreamh cruinnithe boird: 8/9)*



**Kevin Finucane**
Willis Ireland
Ainmnithe ag Cumann na nDlíodóirí Pinsean in Éirinn
*(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)*



**Brendan Johnston**
Zurich Life Assurance plc
Ainmnithe ag Cónaidhm Árachais na hÉireann
*(Tinreamh cruinnithe boird: 8/9)*




**Patricia Murphy**
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Ionadaí an Aire Coimirce Sóisialaí
*(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)*



**Terence Noone**
Cuntasóirí Cairte DHKN
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
*(Tinreamh cruinnithe boird: 7/9)*



**David Owens**
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Ionadaí an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
*(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)*



**Emer O'Flanagan**
O'Driscoll O'Neill Ltd
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
*(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)*



**Don O'Higgins**
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
Ainmnithe ag IBEC
*(Tinreamh cruinnithe boird: 8/9)*



**Phelim O'Reilly**
Willis Ireland
Ainmnithe ag Cumann Cistí Pinsean na hÉireann
*(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)*




**Rachael Ryan**
An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil
Ainmnithe ag Comhdháil Cheardchumann na hÉireann
*(Tinreamh cruinnithe boird: 8/9)*



**Mary Walsh**
Cuntasóir Cairte
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
*(Tinreamh cruinnithe boird: 6/9)*



**Niall Walsh**
Deloitte & Touche
Ainmnithe ag Coiste Comhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn
*(Tinreamh cruinnithe boird: 7/9)*



**Robin Webster**
Age Action Ireland
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
*(Tinreamh cruinnithe boird: 5/9)*

# Ag baint amach cuspóirí straitéiseacha an Bhoird

Leagann Straitéis an Bhoird Pinsean 2011-2015 amach sraith príomhspriocanna atá mar aidhm ag an mBord a bhaint amach trí na feidhmeanna rialála, faisnéise, sainchomhairle agus corparáideacha thar tréimhse na straitéise. Tá an doiciméad straitéise ar fáil faoin gcuid dar teideal “An Bord” ar an suíomh **www.anbordpinsean.ie**.

Soláthraíonn an chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil tráchtaireacht agus anailís chainníochtúil i ndáil leis an dul chun cinn a baineadh amach in 2012 ar bhonn na dtáscairí agus na spriocanna leagtha amach i Straitéis an Bhoird Pinsean 2011-2015. Cuimsíonn na táscairí sin tacar táscairí monatóireachta bliantúla a thomhaiseann gníomhaíocht agus aschuir an Bhoird chomh maith le tacar príomhtháscairí feidhmíochta dírithe ar thorthaí.[1]

## Príomhspriocanna

Tacú le córas pinsean inbhuanaithe a sholáthróidh pinsin leordhóthanacha agus iontaofa do dhaoine scortha agus do dhaoine scothaosta agus a bhaineann amach cumhdach leathan.

Tá sé mar aidhm ag an mBord é seo a bhaint amach trí:

1. leasanna chomhaltaí na scéime pinsean gairme agus sealbhóirí na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) a chosaint trí mheán rialála éifeachtaí
2. moltaí beartais a fhorbairt agus tacú leis an Aire agus an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ranna rialtais eile trí mheán ardchaighdeán comhairle beartais agus tacaíocht theicniúil
3. faisnéis agus treoir ábhartha a sholáthar don phobal agus dóibh siúd atá gafa le pinsin.

## Ag cosaint leasanna na gcomhaltaí trí mheán rialála éifeachtaí

Is féidir leis a bheith deacair go maith go leor gnéithe d’obair mhaoirseachta an Bhoird a thomhas ar bhonn cainníochtúil. Mar sin féin, mothaíonn an Bord go bhfuil cigireachtaí ar an láthair agus iniúchtaí deasc-bhunaithe rialta agus mionsonraithe mar chuid ríthábhachtach den phróiseas maoirseachta i ndáil le leasanna chomhaltaí na scéime pinsin a chosaint. Tá sé tábhachtach a aibhsiú cé go bhfuil an Bord ag súil le hardchaighdeán riaracháin a fheiceáil mar aon le leibhéil ghéilliúlachta chomh hard céanna níl aon fhaitíos air a chuid cumhachtaí faoin Acht a úsáid chun déileáil le hábhair neamhghéilliúlachta.

Tá obair mhaoirseachta an Bhoird á tiomáint ag a chuid tosaíochtaí riosca, rud a chiallaíonn go mbeidh fócas na hairde ar sháruithe ionchais níos tromchúisí. Mar sin féin, toisc go mbraitheann maoirseacht ar bheith in ann an fhaisnéis riachtanach a ghnóthú, rachfar sa tóir i gcónaí ar chásanna a bhaineann leo siúd atá gafa le scéimeanna pinsean agus go dteipeann orthu cloí lena gcuid freagrachtaí dlí i ndáil le faisnéis a sholáthar don Bhord.

Is iad tosaíochtaí riosca an Bhoird:

1. sócmhainní nó ranníocaíochtaí scéime nó CCSP á mídhílsiú
2. teidlíochtaí sochair á ríomh go mícheart
3. scéimeanna sochair shainithe á maoiniú go neamhleor
4. infheistiú míchuí á dhéanamh ar shócmhainní pinsean
5. faisnéis neamhleor á soláthar do chomhaltaí.

Tá an Bord ag súil le heolas a fháil ar fhormhór na gcásanna neamhghéilliúlachta trína chuid gníomhaíochta maoirseachta réamhghníomhach féin agus trí mheán na faisnéise a sholáthraíonn gairmithe pinsin. Mar sin féin, leanfaidh an Bord ar aghaidh ag tabhairt freagra agus ag déanamh fiosrúcháin ar thuairiscí nó ar ghearáin ón bpobal.

### *Imscrúduithe agus ionchúisimh*

In 2012, cuireadh 20 ionchúiseamh[2] i gcrích. Ghnóthaigh an Bord ciontuithe i 15 cás agus bhí cúig chás eile a scriosadh nó a tarraingíodh siar de bharr íocaíocht riaráistí.

- bhain 15 cás le hasbhaint agus neamh-tharchur chun na (Alt 58A (1)) agus teip freagra a sholáthar don Bhord (Alt 18).
- bhain cúig chás le teip freagra a sholáthar don Bhord (Alt 18).

1 Féach Aguisín II agus III.

2 Féach Aguisín IV.

Bhain cásanna ionchúisithe ag an mBord in 2012 le hasbhaint agus neamhíocaíocht ranníocaíochtaí pinsin ag fostóirí san earnáil tógála faoi Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála (SPOT). Sa chás go dteipeann ar fhostóirí idirghabháil leis an mBord nó leis an scéim, úsáideann an Bord a chuid cumhachtaí ionchúisimh faoin Acht de réir mar is cuí. Léiríonn an cur chuige seo tromchúis na gcionta sin i dtosaíochtaí riosca an Bhoird le neamhíocaíocht ranníocaíochtaí ina shaincheist géilliúlachta suntasach. Mar thoradh ar ghníomhaíocht rialála an Bhoird táthar tar éis ionchúiseamh a dhéanamh ar chuideachtaí agus a gcuid stiúrthóirí.

Tá na Cúirteanna tar éis tromchúis na gcásanna seo a aithint trí na stiúrthóirí agus na cuideachtaí ábhartha araon a chiontú agus i gcásanna áirithe trí pianbhreitheanna coimeádta agus/nó seirbhís phobail a ghearradh ar stiúrthóirí na gcuideachtaí chomh maith le fíneálacha.

Tuairiscíodh 25 cás amhrastach nua don Bhord maidir le hasbhaint agus neamhíocaíocht ranníocaíochtaí pinsin ag fostóirí san earnáil tógála in 2012, i gcomparáid le 98 cás in 2011. Ó 2007 i leith táthar tar éis breis agus 514 cás a chur in iúl don Bhord ag líomhnú asbhaint agus neamhíocaíocht ranníocaíochtaí pinsin le scéim na n-oibrithe tógála.

I gcaitheamh na bliana 2012, dúnadh 102 cás. Dúnadh cásanna ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear:

- fostóirí ag íoc a gcuid riaráistí go hiomlán
- cásanna a measadh nach raibh oiriúnach le haghaidh ionchúisimh

In 2012, íocadh suim iomlán de chuid €1,328,341.89 de ranníocaíochtaí neamhíoctha fostóra agus fostaí le scéim na n-oibrithe tógála mar thoradh díreach ar idirghabháil an Bhoird.

Go dtí seo, tá luach na ranníocaíochtaí athchóirithe chuig scéim na n-oibrithe tógála mar thoradh ar ghníomhaíocht an Bhoird suite ag díreach os cionn €7,000,000 ó mhí Aibreáin 2008.

### *Fíneálacha*

Le linn 2012 d'íoc 17 iontaobhaí ó sé scéim fíneálacha dar iomlán €66,000 leis an mBord. Cuireadh an t-airgead sin ar aghaidh go dtí an Státchiste dá réir.

Seo a leanas forais na bhfíneálacha sin:

- cúig scéim ar theip orthu teastais mhaoinithe achtúireacha a chur faoi bhráid nó a chuir faoi bhráid ró dhéanach iad
- scéim amháin ar theip uirthi, i gcaitheamh roinnt blianta, freastal ar spriocanna reachtúla i ndáil le hullmhú agus/nó nochtadh na dtuarascálacha bliantúla agus na gcuntas iniúchta agus ráitis sochair bhliantúla a eisiúint do chomhaltaí.

Bhí tabhairt isteach na bhfíneálacha mar mhalairt ar ionchúiseamh i leith cionta sonraithe an-éifeachtach maidir le caighdeáin riaracháin a ardú agus cultúr comhlíonta a chur chun cinn.

Leanfaidh an Bord le hacmhainní a leithdháileadh i ndáil leis na cionta sainiúla seo a iniúchadh.

### *Riarthóirí Cláraithe (RCanna)*

Déanann an Bord leibhéil ghéilliúlachta le hAcht na bPinsean a mheas trí phróiseas rannpháirtíochta dírí le haonáin rialaithe agus a gcuid soláthraithe riaracháin. Ó 2010 i leith tá cigireachtaí ar an láthair á gcur i gcrích ag an mBord i ndáil le Riarthóirí Cláraithe mar chuid den phróiseas seo.

Mar toradh ar dhrochriarachán pinsean agus ar dhroch-choimeád taifead d'fhéadfadh go dtarlódh sé nach bhfaigheadh comhaltaí na sochair uile a bhfuil siad i dteideal a fháil, gan a bheith ar an eolas ina leith. Tá maoirseacht an Bhoird ar Riarthóirí Cláraithe thar ar bheith tábhachtach dá réir sin.

I rith 2012, chuir an Bord tús le 28 imscrúdú ar an láthair. I gceithre chás, chiallaigh caighdeán an riaracháin, mura raibh beart ceartaitheach curtha i gcrích, gur smaoinigh an Bord ar chlárúchán an riarthóra i gceist a aistarraingt. Leanfaidh an Bord leis na himscrúduithe seo ar an láthair in 2013 agus sna blianta amach romhainn, agus le céimeanna cuí maidir le déileáil lena thorthaí, i gcomhar leis an mBanc Ceannais áit ar cuí.

Féadfar rochtain a fháil ar thuarascáil ar thorthaí iniúchtaí 2012 trí rannóg na Riarthóirí Cláraithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Bhí 173 Riarthóir Cláraithe ar chlár an Bhoird ag deireadh na bliana agus níor diúltaíodh athnuachana do cheann ar bith ná níor cuireadh srian lena gcuid gníomhaíochtaí in 2012.

### *Iniúchtaí agus cruinnithe*

Le linn 2012 thionóil an Bord 52 cruinniú le hiontaobhaithe, soláthraithe pinsean agus riarthóirí seirbhíse poiblí d'fhonn raon saincheisteanna géilliúlachta a phlé.

Le haghaidh éifeachtúlachta, díríonn an Bord ar rannpháirtíocht le hiontaobhaithe na scéimeanna níos mó, riarthóirí na scéimeanna seirbhíse poiblí agus soláthraithe CCSP. Tá an cineál seo rannpháirtíochta le haonáin rialaithe agus a gcuid soláthraithe riaracháin ag teacht le cur chuige riosca-bhunaithe an Bhoird i ndáil le feidhmiú an Achta a mhaoirsiú.

Bíonn an rannpháirtíocht seo i bhfoirm cruinnithe aonair leis na haonáin seo ag áitreabh an Bhoird chun réimse leathan saincheisteanna géilliúlachta i ndáil le hAcht na bPinsean a phlé. Aithnítear aon saincheisteanna imní don Bhord agus leagtar síos scála ama leis an ábhar a réiteach chun sástachta an Bhoird. Má thagann ábhair níos tromchúisí chun cinn thar tréimhse ama breathnóidh an Bord ar smachtbhannaí feiliúnacha faoin Acht.

### *Maoirseacht ar sholáthraithe CCSP*

Tá 16 soláthraí CCSP ann faoi láthair a bhfuil 130 táirge CCSP faofa ag an mBord agus ag na Coimisinéirí Ioncaim ina leith. Tá na sonraí ina leith seo ar fáil i ndáil le soláthraithe agus clár táirgí CCSP ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Athbhreithníonn an Bord tuarascáil bhliantúil gach CCSP agus téann sé i mbun cainte le soláthraithe ábhartha agus a n-achtúire siúd chun aon mhion-sáruithe arna bhfógairt ina dtuarascálacha a réiteach. Sa chás go n-aithnítear aon ábhair imní don Bhord comhaontaítear scála ama agus plean ceartaitheach leis an soláthraí chun dul i ngleic le saincheisteanna dá leithéid. Más gá féadfaidh an Bord soláthraithe CCSP nach gcomhlíonann a gcuid oibleagáidí reachtúla a shrianadh nó a dhícháiliú.

Ar 15 Iúil 2011 cheap an Banc Ceannais iniúchóirí chuig Custom House Capital Limited chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnóthaí an ghnóthais sin. Chuir an Bord ar fionraí, le héifeacht ó 15 Iúil 2011, faomhadh na dtrí tháirgí CCSP arna soláthar ag Custom House Capital Limited. Bhí imscrúdú an Bhoird i ndáil le Custom House Capital Limited agus a ghéilliúlacht siúd le hAcht na bPinsean agus rialacháin ábhartha leanúnach le linn 2012.

### *Ballraíocht na scéimeanna pinsean gairme agus conarthaí CCSP*

Bhí meathlú breise i líon na gcomhaltaí gníomhacha i scéimeanna pinsean gairme le linn 2012. Ag 31 Nollaig 2012 bhí 760,620 comhalta i 61,232 scéim. Bhí laghdú foriomlán i mballraíocht SS de chuid 7,533 agus 6,211 i mballraíocht RS. Ní mór an ionadh faoin meathlú seo i bhfianaise cúinsí eacnamaíocha na tíre agus na deacrachtaí atá ag tabhairt aghaidh orthu siúd sa lucht saothair agus ar fhostóirí i gcoitinne. Is féidir a rá go bhfuil cuid suntasach den mheathlú i mballraíocht SS ann mar thoradh ar mheathlú leanúnach na fostaíochta san earnáil thógála.

Mar sin féin, le linn 2012 mhéadaigh líon na gconarthaí CCSP i bhfeidhm faoi 8,898 ag cuimsiú 5,361 CCSPanna Caighdeánacha agus 3,537 CCSPanna Neamh-Chaighdeánacha.

Áirítear líon na scéimeanna agus a gcuid ballraíochta faoi seach agus na huimhreacha i ndáil le conarthaí CCSP i bhfeidhm amhail ag 31 Nollaig 2012 in aguisíní na tuarascála seo[3].

### *An caighdeán maoinithe*

Measann an Bord go raibh easnamh i gceist i leith os cionn 80% de scéimeanna sochair shainithe ag deireadh na bliana. Cé go raibh torthaí infheistíochta go maith tríd is tríd le linn 2012, rí raibh feabhsú foriomlán ar bith ar staid na scéimeanna sochair shainithe. I gcás formhór na scéimeanna úd, tá i bhfad níos lú sócmhainní acu ná mar atá riachtanach chun freastal ar an gcaighdeán maoinithe, agus ní mór dóibh plean téarnaimh a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird faoi lar na bliana 2013.

In 2012, tugadh isteach cúig sraith treoracha reachtúla ar na hábhair seo a leanas: blianachtaí flaithiúnais agus an caighdeán maoinithe; gnóthais fhostóra; sócmhainní teagmhasacha; tograí maoinithe; agus laghduithe sochair alt 50. Tá na treoracha reachtúla seo ar fáil ar shuíomh ghréasán an Bhoird.

### *Tograí maoinithe*

Níor éiligh an Bord ar scéimeanna pleananna téarnaimh a sholáthar le blianta beaga anuas. Le linn 2012 leag an Bord spriocdháta an 30 Meitheamh 2013 do scéimeanna sochair shainithe uile le heasnamh iontu togra maoinithe a chur faoi bhráid an Bhoird. An príomhathrú atá tagtha chun cinn mar thoradh ar an Acht 2012 ná sa chás go dtéann togra maoinithe níos faide ná 1 Eanáir 2016, ní mór do na hiontaobhaithe a chinntiú go dtógann a dtogra maoinithe aird ar an gceanglas um chúlchiste an chaighdeáin mhaoinithe sa bhreis ar an gcaighdeán maoinithe féin.

Le linn 2012, fuair an Bord 10 n-iarratas Alt 49(3)[4] agus sonraíodh dátaí níos déanaí i ndáil le naoi gcinn de na cásanna úd. Tá soiléiriú breise á lorg i ndáil le cás amháin. Fuarthas 10 n-iarratas Alt 50[5]. Faomadh naoi gcinn agus aistarraingíodh iarratas amháin le linn 2012.

### *An Scéim Íocaíochta um Dhócmhainneacht Pinsean (SÍDP)*

Is éard atá i gceist leis an Scéim Íocaíochta um Dhócmhainneacht Pinsean ná scéim Státchiste costas-neodrach ag tairiscint íocaíochtaí speisialta i gcásanna ina bhfuil scéim pinsean á foirceannadh le heasnamh aici (*ar bhonn caighdeáin mhaoinithe íosta*) agus go n-éiríonn an fostóir urraíochta dócmhainneach – an critéar “dócmhainneachta dúbailte”. I gcás scéimeanna ilfhostóra, ní mór go mbeadh na fostóirí ar fad dócmhainneach ionas go gcáileodh scéim don tacaíocht seo.

3 Féach Aguisín V.

4 Lorgaíonn iarratas um Alt 49(3) faomhadh an Bhoird Pinsean le haghaidh plean téarnaimh faoin bhfillfidh an scéim chun sócmhainneachta.

5 Lorgaíonn iarratas um Alt 50 faomhadh an Bhoird Pinsean le haghaidh laghduithe sochair atá ar intinn ag scéim a thabhairt isteach chun cuidiú leis an scéim a thabhairt ar ais chun sócmhainneachta.

Fuair an Bord ceithre hiarratas i rith 2012 agus deimhníodh an ceithre hiarratas a bheith incháilithe le haghaidh breithnithe faoin scéim agus cuireadh ar aghaidh iad go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don chéad chéim eile den phróiseas.

### *Blianachtaí flaithiúnais*

Tugadh isteach reachtaíocht ag éascú tabhairt isteach na mblianachtaí flaithiúnais san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2011.

Is éard is blianacht fhlaithiúnais ann ná conradh blianachta eisithe ag cuideachtaí árachais ina mbíonn an íocaíocht ioncaim bhliantúil nasctha go díreach le híocaíochtaí faoi bhannaí eisithe ag Éire nó aon Bhallstát eile de chuid an AE (a bhfuil aithne orthu mar bhannaí tagartha). Ní féidir ach le hiontaobhaithe na scéimeanna pinsean gairme (scéimeanna sochair shainithe agus scéimeanna ranníocht shainithe araon) blianachtaí flaithiúnais a cheannach. I gcás cuideachtaí árachais ar spéis leo táirgí dá leithéid a thairiscint ní mór go mbeadh siad deimhnithe ag an mBord acu faoi Alt 53B d'Acht na bPinsean, 1990.

In 2012 dheimhnigh an Bord an chéad beartas blianachta flaithiúnais. Tá sonraí de sholáthraithe táirgí blianachta flaithiúnais uile ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Tá a thuilleadh faisnéise d'iontaobhaithe ar bhlianachtaí flaithiúnais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

## Tograí beartais a fhorbairt agus tacú leis an Aire agus an Roinn Coimirce Sóisialaí trí mheán ardchaighdeán comhairle beartais agus tacaíocht theicniúil

Soláthraíonn an Bord comhairle beartais don Aire agus don Roinn Coimirce Sóisialaí agus soláthraíonn Feidhmeannach an Bhoird tacaíocht theicniúil ar ábhair phinsean don Roinn agus do ghníomhaireachta eile an Rialtais. Is féidir an chomhairle seo a sholáthar trí thionscnamh an Bhoird nó ar iarratas ón Aire nó ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Cuirtear faisnéis ar fáil don obair seo tríd an eolas gnóthaithe ag an mBord óna chuid gníomhaíochta rialála agus trí mheán monatóireachta agus anailíse leanúnaí ar threochtaí i bpinsin ghairme. Ghlac Feidhmeannach an Bhoird páirt freisin i roinnt meithleacha oibre de chuid an Bhoird a bhí gafa le hábhair i ndáil le cúrsaí pinsin agus sholáthair sé tacaíocht ina leith freisin.

Áiríodh le gníomhaíocht na bliana 2012:

- sholáthair Feidhmeannach an Bhoird tacaíocht theicniúil i ndáil le forbairt na dtograí beartais don fhoráil phinsean sochair shainithe lena n-áirítear athbhreithniú ar an gcaighdeán maoinithe.
- comhairliúchán ar shimpliú na forála pinsean sochair shainithe. Tháinig an próiseas comhairliúcháin chun críche i mí Feabhra 2012 agus tá na saincheisteanna a n-aithníodh mar bhonn le hobair leanúnach an Bhoird.
- rannpháirtíocht i dtionscadal bainteach le muirir phinsin. Bhí an tionscadal faoi cheannaireacht na Roinne Coimirce Sóisialaí le hionchur ón mBord agus ón mBanc Ceannais. Thosaigh an obair i bhfómhar na bliana 2011 agus é mar chuspóir faisnéis chuimsitheach agus mhionchruinn a ghnóthú ar gach cineál costas i ndáil le gach cineál scéime pinsin. Foilsíodh an tuarascáil ar mhuirir i mí Dheireadh Fómhair 2012.
- rannpháirtíocht ar ghrúpa Idir-Rannach ar obair agus scor, faoi cheannaireacht na Roinne Coimirce Sóisialaí agus ag déileáil le saincheisteanna pinsean i ndáil leis an méadú ar Aois an Phinsin Stáit.

### *Beartas rialála an AE*

Bhí an Bord gníomhach freisin i gcuidiú le beartas rialála AE trína chuid rannpháirtíochta san Údarás Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpach (ÚÁPGE). Lean Príomhfheidhmeannach an Bhoird Pinsean ar aghaidh mar chathaoirleach ar Choiste na bPinsean Gairme (OPC) de chuid ÚÁPGE. Le linn 2012, lean an coiste seo lena chuid oibre i ndáil le freagra a ullmhú agus a thabhairt chun críche ar *ghlao ó Choimisiún an AE ar chomhairle ar an athbhreithniú ar Threoir na nInstitiúidí um Chóir ar Scor Gairme (IORP)*.

Mar shíneadh ar an obair seo, thosaigh an coiste ag obair ar Staidéar Tionchair Chainníochtúil (QIS) ar an iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith ag comhchuibhiú féideartha na rialacha maoinithe pinsean ar fud na hEorpa ar IORPanna. Táthar ag súil go dtabharfaí an obair ar an staidéar seo chun críche faoi lár na bliana 2013 ach d'fhéadfadh go mbeadh a thuilleadh oibre leanúnaí de dhíth freisin.

Ghlac an Bord páirt freisin i bhFoghrúpa Faisnéise agus Dea-Chleachtais an OPC a d'fhorbair treoirlínte dea-chleachtais ar an soláthar faisnéise do scéimeanna ranníocaíocht shainithe. Tá na treoirlínte deartha le cur ar chumas an lucht déanta beartais aird a thabhairt ar na léargais bhunaithe agus úrnua faoin gcaoi ina bpróiseálann daoine faisnéis agus faoin gcaoi ina ndéantar cinntí airgeadais.

## Faisnéis agus treoir ábhartha a sholáthar don phobal agus dóibh siúd atá gafa le pinsin

Oibríonn an Bord chun a sheasamh mar fhoinse neamhspleách, ábhartha agus iontaofa ar fhaisnéis phinsin a chothú agus a fheabhsú.

Tacaíonn an Bord le gníomhaíocht rialála trí sheirbhís chomhtháite faisnéise agus fiosrúcháin a sholáthar dóibh seo a leanas:

- an pobal i gcoitinne, iad siúd le pinsin agus gan phinsin araon
- comhaltaí na scéime pinsin ghairme agus ranníocóirí CCSP
- iontaobhaithe scéime agus tionscal na bpinsean
- na meáin, atá ina nasc le dreamanna eile.

Dhéileáil an Bord le 6,295 fiosrúchán in 2012. Bhain formhór na bhfiosrúchán le nithe i ndáil le nochtadh faisnéise, dualgas na n-iontaobhaithe, caomhnú, an caighdeán maoinithe agus CCSPanna. Cuireadh ocht bhfiosrúchán ar aghaidh chuig aonad forfheidhmithe an Bhoird le haghaidh gníomh breise le linn 2012.

Déantar na fiosrúcháin uile a logáil ar bhunachar sonraí fiosrúcháin an Bhoird agus fágtar ar oscailt iad go dtí go mbaintear amach réiteach deiridh. Déanann an Bord monatóireacht ghéar ar aon treochtaí éiritheacha inmíocha ag eascairt as fiosrúcháin ghinearálta.

### *Foilseacháin thábhachtacha*

Soláthraíonn an Bord raon cuimsitheach ábhar faisnéise agus treorach saor in aisce atá nuashonraithe agus leasaithe ar bhonn rialta ionas go léirítear athruithe i reachtaíocht agus rialachán pinsean.

Le linn 2012 tháirg an Bord treoir reachtúil agus foilsíodh nó nuashonraíodh roinnt leabhrán agus seicliostaí[6].

Tá an fhaisnéis seo ar fad ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird áit ina sholáthraíonn an Bord seirbhís foláirimh rphoist saor in aisce freisin a chuireann síntiúsóirí ar an eolas i ndáil le haon fhaisnéis nua á cur in airde ar an suíomh gréasáin.

### *Suíomh gréasáin an Bhoird (www.anbordpinsean.ie)*

Tá cuid nua saolré faisnéise pinsean curtha ag an mBord lena shuíomh gréasáin dar teideal 'Understanding your pension'. Ceadaíonn an áis inchuardaithe seo do chomhaltaí scéime pinsin reatha agus ionchais araon a gcuid cúinsí pinsean féin a roghnú agus faisnéis a fháil atá ábhartha dá gcéim phearsanta siúd i saolré an phinsin. Áiríonn an chuid nua seo áireamhán pinsean feabhsaithe, uirlisí buiséid agus riosca mar aon le físeáin chun pinsin a mhíniú sa ghnáthchaint.

### *Léiriúcháin phoiblí agus caidreamh leis na meáin chumarsáide*

Le linn 2012 d'fhreastail an Bord ar raon éagsúil imeacht poiblí ar fud na tíre agus thug sé léiriúcháin iontu, d'eisigh sé 26 preaseisiúint nuachta agus dhéileáil sé le níos mó ná 70 fiosrúchán díreach na meán cumarsáide. Soláthraíonn an Bord ailt agus ábhair faisnéise agus oideachais a chlúdaíonn gnéithe uile pinsean do na meáin chumarsáide agus do raon cuimsitheach geallsealbhóirí tionscail agus tomhaltóra. Lorgaíonn an Bord deiseanna sna meáin chumarsáide go rialta chun díospóireacht phoiblí ar shaincheisteanna pinsean a spreagadh.

### *Seirbhísí tacaíochta d'iontaobhaithe*

Aithníonn an Bord an ról ríthábhachtach atá ag iontaobhaithe laistigh den chóras pinsean.

Faoi Acht na bPinsean, tá sé de dhualgas ag an mBord treoir a thairiscint d'iontaobhaithe agus soláthraítear raon acmhainní chun tacú le hiontaobhaithe lena n-áirítear:

- Lámhleabhar na nIontaobhaithe
- córas oiliúna r-fhoghlama na n-iontaobhaithe
- clár oiliúnóirí na n-iontaobhaithe.

### *Oiliúint na n-iontaobhaithe*

Le linn 2012 lean an Bord ar aghaidh leis an gceanglas d'iontaobhaithe oiliúint fhoirmiúil a fháil a chur chun cinn. Éilítear ar iontaobhaithe oiliúint a fháil laistigh de sé mhí ó thráth a gceapacháin agus ar a laghad gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Ní mór d'iontaobhaithe a gcuid géilliúlachta leis na hoibleagáidí seo a thuairisciú freisin i dtuarascáil bhliantúil a scéime. Déanfaidh an Bord monatóireacht ar chomhlíonadh oiliúna iontaobhaithe ar bhonn leanúnach.

### *Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)*

In 2012 lean an feachtas lena chuspóir chun tábhacht an tsoláthair phinsean fónta a chur in iúl i measc na n-earnálacha le leibhéil ísle de chlúdach pinsean ach go hiondúil. Chuaigh an feachtas feasachta i mbun comhair i gcaitheamh na bliana le comhlachais éagsúla ag déanamh ionadaíochta ar na hearnálacha fáilteachais, miondíola agus talmhaíochta agus eagraíochtaí ag déanamh ionadaíochta ar mhná agus ar dhaoine óga. I measc gníomhaíochta leis na grúpaí seo áiríodh cur chun cinn tábhacht na bpinsean trína suímh ghréasáin agus trí mheán na meán sóisialta, tinreamh ag a gcuid imeachtaí agus clúdach eagarthóireachta ina gcuid nuachtlitreacha agus foilseachán trádála.

Le linn 2012 lean an Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean ar aghaidh i mbun oibre leis an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus tacú lena cuid oibre siúd ar chlár *'Money Skills for Life'* na Láithreach Oibre mar aon le leanúint mar chomhalta de chuid Líonra Idirnáisiúnta OECD ar Oideachas Airgeadais.

6 Féach Aguisín VI.

# Coistí agus meithleacha oibre reatha an Bhoird

Chun freastal ar chuspóirí na straitéise tá roinnt meithleacha oibre agus coistí curtha ar bun ag an mBord[7]. Díríonn na meithleacha oibre seo ar shaincheisteanna pinsean tosaíochta reatha, agus/nó saincheisteanna éiritheacha atá comhaontaithe ag an mBord mar phriomhréimsí fócais agus airde. Mar thoradh na hoibre is iondúil go mbíonn sraith moltaí agus tograí a gcuirtear chuig an mBord, le haghaidh breithniúcháin.

## Meitheal oibre sochair shainithe (SS)

*(tagtha le chéile cúig huaire in 2012)*

Tá an mheitheal oibre SS curtha ar bun ag an mBord chun fóram a sholáthar áit inar féidir anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna ar leith a bhaineann le pinsin SS agus iad a phlé. Le linn 2012 d'fhorbair an mheitheal oibre treoir fhorbhreathnaithe ar an gcaighdeán maoinithe agus CCanna ar athruithe úrnua ar an gcaighdeán maoinithe atá foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

## Meitheal oibre ranníocaíocht sainithe (RS)

*(tagtha le chéile trí huaire déag in 2012)*

Chuir an Bord an mheitheal oibre RS ar bun i dtreo deireadh na bliana 2011. Tá sé mar fhócas ag an ngrúpa fóram a sholáthar áit inar féidir anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna ar leith a bhaineann le pinsin RS agus iad a phlé. An cuspóir bunúsach atá leis ná eolas a sholáthar do sheasamh rialála an Bhoird i ndáil le pinsin RS agus cur le beartas Boird ar phinsin RS a fhorbairt. Cuimsíonn scóip oibre an ghrúpa na cineálacha uile soláthair RS, .i. scéimeanna gairme, CCSPanna agus RACanna.

In 2012 d'fhorbair an mheitheal oibre treoirlínte ar infheistíocht d'iontaobhaithe na scéimeanna pinsean RS. Bhí comhairliúchán leis an tionscal san áireamh mar chuid den phróiseas seo. Tá sé mar aidhm leis na treoirlínte cúnamh a thabhairt d'iontaobhaithe na scéimeanna RS agus a gcuid comhairleoirí i ndáil le cinneadh a dheanamh ar na roghanna infheistíochta le cur ar fáil do chomhaltaí na scéime. Cuireadh na treoirlínte i gcrích i dtreo deireadh 2012 agus foilsíodh ar líne iad i mí Eanáir 2013.

## Coiste airgeadais agus iniúchta

*(tagtha le chéile sé huaire in 2012)*

Is príomhchoiste rialachais de chuid an Bhoird é an coiste airgeadais agus iniúchta agus, trína chuid oibre, is aidhm dó a chinntiú go gcomhlíonann an Bord a chuid oibleagáidí rialachais mar chomhlacht Stáit. Áirítear leis seo maoirseacht agus measúnú leanúnach ar ghnóthaí airgeadais agus córais rialachais chorparáidigh an Bhoird. Tuairiscíonn an coiste airgeadais agus iniúchta don Bhord agus go minic coimisiúnaíonn sé athbhreithnithe agus iniúchtaí inmheánacha, á gcur i gcrích ag soláthraí seirbhíse iniúchta seachtraí. Chomhlíon an coiste clár iniúchta inmheánach go rathúil in 2012. Chuimsigh an clár athbhreithniú ar sholáthar (luach ar airgead), cur chun feidhme agus aschuir ó chóras bainistíochta sonraí an Bhoird ISIS agus tástáil chun tacú le ráiteas an Chathaoirligh ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

## Meitheal oibre an Fheachtais Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP) *(tagtha le chéile faoi dhó in 2012)*

Tá an FNFP á reáchtáil ag an mBord thar ceann an Rialtais ó 2003. Bunaíodh an feachtas chun feasacht phoiblí ar phinsin a mhéadú d'fhonn cumhdach pinsean a fheabhsú. Leithdháil an tAire Coimirce Sóisialaí €400,000 le haghaidh leanunachais an FNFP in 2012. D'athbhreithnigh agus mhol an mheitheal oibre an plean gníomhaíochta agus an clár gníomhaíochta um fheasacht fógraíochta le haghaidh 2012 don Bhord.

## Meitheal oibre pinsean agus fostaíochta

*(tagtha le chéile cúig huaire in 2012)*

Tháirg an grúpa tuarascáil ar shaincheisteanna pinsean agus fostaíochta, le tagairt ach go háirithe don mhéadú in Aois Scoir an Stáit. Cuireadh an tuarascáil seo chuig an Aire Coimirce Sóisialaí.

7 Féach aguisín I le haghaidh sonraí ballraíochta gach grúpa.

## Grúpa comhairleach rialála (RAG)

Is éard atá i gceist leis an ngrúpa comhairleach rialála ná meitheal oibre straitéiseach a bhfuil sé mar fheidhm aici comhairle a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach, don Bhord agus don ghrúpa um athbhreithniú rialála ar shaincheisteanna príomha agus ginearálta beartais rialála. Ní sholáthraíonn sé comhairle ar chásanna ar leith. In 2012 níor tháinig an grúpa comhairleach rialála le chéile.

Sa cheathrú ráithe de 2012, leasaigh an Bord téarmaí tagartha an ghrúpa comhairleach rialála agus beartaíodh gur cheart a bhallraíocht a mhéadú go seisear chomhaltaí Boird. In 2013, méadaíodh ionadaíocht an Bhoird agus ceapadh Cathaoirleach nua.

## Grúpa um athbhreithniú rialála (RRG)

*(tagtha le chéile deich n-uaire in 2012)*

Tá cleachtadh roinnt feidhmeanna rialála faoi Acht na bPinsean tarmligthe ag an mBord ar an bPríomhfheidhmeannach. D'fhonn maoirseacht rialála a chothú i ndáil leis na feidhmeanna sin atá tarmligthe ar an bPríomhfheidhmeannach, éilítear ar an bPríomhfheidhmeannach dul i mbun comhairle leis an ngrúpa um athbhreithniú rialála sula ndéantar cinneadh feidhm rialála tarmligthe a chur i gcrích i gcás ar leith.

Mar chuid d'obair an ghrúpa um athbhreithniú rialála áiritear plé na gcásanna ar leith agus é ar intinn go nglacfadh an Príomhfheidhmeannach cinntí rialála de láimh, go leagfaí smachtbhannaí nó go dtionscnófaí imeachtaí dlí i gcásanna ar leith. I gcásanna ina n-éilítear go rachfaí i gcomhairle an ghrúpa um athbhreithniú rialála áirítear iad siúd a bhaineann le faomhadh na dtograí maoinithe agus laghduithe sochair alt 50, eisiúint fíneálacha ar an láthair, cinntí i ndáil le cibé ar cheart ionchúiseamh a thionscnamh, cinntí ag diúltú Riarthóir Cláraithe a chlárú nó a athnuachan agus úsáid bheartaithe aon cheann de chumhachtaí an Bhoird a éilíonn iarratas chun na hArd-Chúirte.

## Coiste luach saothair

*(tagtha le chéile ceithre huaire in 2012)*

Leagann an coiste spriocanna feidhmíochta don Phríomhfheidhmeannach. Déanann sé athbhreithniú freisin ar fheidhmíocht an POF i gcoinne na spriocanna a leagtar agus, nuair is cuí, leagann sé luach saothair an Phríomhfheidhmeannach laistigh de na treoirlínte don tSeirbhís Poiblí agus conradh an POF. Cuireadh an próiseas ar bun in 2011 agus é ina dara bliain i mbun feidhme anois. Aontaíonn an coiste agus an POF gur ríthábhachtach an ról atá ag an bpróiseas i ndáil le cuspóirí agus spriocanna an Bhoird a sheachadadh agus i ndáil le cuntasacht a ghnóthú, in ainneoin nach féidir an nasc traidisiunta idir fheidhmíocht agus torthaí gradaim a chur i bhfeidhm faoi láthair de bharr sriantaí pá na hEarnála Poiblí.

## Meitheal oibre taighde agus cumarsáide

*(tagtha le chéile uair amháin in 2012)*

Cuireadh an mheitheal oibre taighde agus cumarsáide ar bun le linn 2012. Tá dhá chéim leis an bhfócas dá cuid – plean cumarsáide a fhorbairt a thacaíonn le hobair foriomlán an Bhoird i ndáil le feasacht a mhéadú i measc phobal na hÉireann i dtaca an gá atá le coigilteas le haghaidh scoir. Soláthrófar eolas don phlean, dá éis sin, ó thoradh na taighde iompraíochta chun tuiscint níos fairsinge a fháil ar mheon na dtomhaltóirí Éireannacha i ndáil le pinsin agus coigiltis.

# Eagraíocht éifeachtúil a reáchtáil

Tá an Bord ar an eolas faoina chuid freagrachtaí mar ghníomhaireacht rialtais i ndáil le luach ar airgead agus éifeachtúlacht a ghnóthú agus a léiriú ina chuid gníomhaíochtaí uile. Déanann an Bord imscrúdú gníomhach agus téann sé sa tóir ar dheiseanna coigilteas costais agus éifeachtúlachtaí, lena n-áirítear úsáid na seirbhísí comhroinnte agus an fhoinsithe allamuigh. Baineann an Bord úsáid uasta as teicneolaíocht faisnéise ríomhairí chun a éifeachtúlacht a bharrfheabhsú agus chun gníomhaíocht rialála a dhíriú ar na réimsí is mó riosca.

## Struchtúr eagraíochtúil

Atheagraíodh struchtúir fheidhmeannaigh oibriúcháin an Bhoird le linn 2012 d'fhonn a chinntiú go bhfanfadh nósanna imeachta agus cleachtais rialála an Bhoird éifeachtach agus go ndéantar gníomhaíochtaí a ailíniú do na tosaíochtaí riosca.

Tá cúig phríomhréimsí gníomhaíochta ag an mBord:

### 1. *Forfheidhmiú*

Tá forfheidhmiú freagrach as imscrúduithe ar neamhghéilliúlacht féideartha, tionscnamh ionchúiseamh agus smachtbhannaí eile an Bhoird. Tá forfheidhmiú freagrach freisin as maoirseacht leanúnach na Riarthóirí Cláraithe (RCanna) agus soláthraithe na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSPanna).

### 2. *Maoiniú agus Achtúireach*

Tá an ghníomhaíocht Maoinithe agus Achtúireach freagrach as maoirseacht ar mhaoiniú na scéime sochair shainithe agus as próiseáil an na dtograí maoinithe agus na dtograí gaolmhara.

### 3. *Oibríochtaí*

Tá Oibríochtaí freagrach as gnáth-idirchaidreamh uile leis an bpobal trí mheán seirbhísí faisnéise, treoracha agus fiosrúcháin an Bhoird a sholáthar. Déanann Oibríochtaí maoirseacht ar nuashonrú agus iontaofacht na sonraí rialála uile curtha faoi bhráid an Bhoird trína Chóras um Fhaisnéise Scéime Idirghníomhaí (ISIS).

### 4. *Beartas*

Tá Beartas freagrach as comhairle, forbairt agus seachadadh beartais. Riarann Beartas caidrimh an Bhoird le hinstitiúidí agus eagraíochtaí ionadaíocha seachtracha pinsin agus Rialtais.

### 5. *Seirbhísí Dlí agus Corparáideacha*

Tá Seirbhísí Dlí agus Corparáideacha freagrach as comhairle agus tacaíocht dlíthiúil a sholáthar i ndáil le gnéithe uile de ghníomhaíocht an Bhoird. Tá Seirbhísí Corparáideacha freagrach as rialuithe airgeadais, géilliúlacht, acmhainní daonna, áiseanna oifige agus gníomhaíonn siad mar rúnaíocht don Bhord freisin.

## Táillí CCSP agus na scéime pinsin ghairme

In 2012 bhailigh an Bord €3.23 milliún de tháillí scéime pinsin ghairme agus de tháillí RAC, arbh ionann é agus laghdú de chuid 9% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Lena chois sin bhailigh an Bord €1.68 milliún i ndáil le táirgí CCSP a bhí comhsheasmhach le seasamh na bliana 2011.

## Acmhainní daonna

D'fhonn tacú le gníomhaíochtaí le linn, seoladh roinnt tionscnamh oiliúna agus forbartha tionscail le haghaidh fostaithe an Bhoird. Tá sé mar aidhm leis na tionscnaimh seo cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i ndáil le hoiliúint agus forbairt agus a chinntiú go bhfuil fostaithe feistithe le déileáil le hathruithe i réimse na bpinsean agus na rialála.

Aithnítear bainistíocht feidhmíochta eagraíochtúil agus aonair, agus riachtanais oiliúna agus forbartha trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) an Bhoird. Bíonn fostaithe de shíor ag lorg bealaí nua chun próisis gnó agus seachadadh seirbhísí a fheabhsú.

## Sláinte agus sábháilteacht

Tá an Bord tiomanta do thacaíocht a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht a chuid fostaithe chomh maith le láthair oibre sábháilte a sholáthar. Tá cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta de shíor á n-athbhreithniú agus ní raibh aon tionóiscí nó teagmhais le tuairisciú le linn 2012.

## Úsáid fuinnimh

In 2012, b'ionann tomhaltas fuinnimh iomlán an Bhoird agus 167,900 KWh leictreachais. Toisc go n-áitíonn an Bord 10,600 troigh chearnach de spás oifige nua-aimseartha tíosach ar fhuinneamh i lár chathair Bhaile Átha Cliath, is beag scóip atá ann chun aon laghduithe suntasacha breise a dhéanamh ar úsáid fuinnimh. Mar sin féin leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scéal seo.

## Íocaíochtaí prasa

Feidhmíonn an Bord beartas íocaíochta 15 lá. Seoltar tuarascálacha ráithiúla um íocaíocht phras ar ais chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí agus cuirtear in airde ar shuíomh gréasáin an Bhoird iad.

# Foireann an Bhoird Pinsean

Déantar cinnteoireacht laethúil a tharmligean chuig fostaithe atá faoi mhaoirseacht ghníomhach an Bhoird.
Foireann an Bhoird amhail ag 31 Nollaig 2012.



**Brendan Kennedy**
Príomhfheidhmeannach



**Mary Hutch**
Ceannaire ar Pholasaí



**Tom Dunphy**
Ceannaire ar Fhorfheidhmiú



**Pat O'Sullivan**
Ceannaire ar Mhaoiniú agus Achtúireach



**Sylvia McNeece**
Ceannaire ar Dlí



**Grace Guy**
Leas-Cheannaire ar Dlí
(Rúnaí don Bhord)



**David Malone**
Ceannasaí Oibríochtaí

**Príomhoifigigh Chúnta**

Aideen Bugler
Eoin Cassells
Gerard Clarke
Madeleine Delaney
Catherine Goulding
Mary Howe
Maura Howe
Andrew Nugent
Cheryl Richardson
John Shanahan

**Ardoifigigh Fheidhmiúcháin**

Mary Broderick
Martin Buggy
Rachael Gleeson
Ciarán Holahan
Deirdre Kelly
Jo Kenny
John McCarthy
Dympna Moran
Paul Muldowney
Eimear Murphy
Kieran O'Dea

**Oifigigh Fheidhmiúcháin**

Sherry Bass
Valerie Christie
Maire Ní Fhiachain
Alison Flynn
Emily Keyes
Cathy Lynch
Catherine McAuley
Renée O'Reilly
Edel Stenson
Christina Winters

**Oifigigh Chléireachais**

Laura Allen
Robert Bradley
David Byrne
Mary Conlon
Niamh Crowley
Marie Earley
Paul Flaherty
Eileen Flynn
Emma Hunter
Lydia Leonard
Julie McCarthy
Maura Moroney

# Ráitis airgeadais

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 19 |
| Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird | 21 |
| Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais | 22 |
| Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta | 23 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | 24 |
| Clár comhardaithe | 25 |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | 26 |
| Nótaí leis na ráitis airgeadais | 27 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Bord Pinsean

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid An Bhoird Pinsean don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoi Acht na bPinsean, 1990. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach ann, ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a forordaítear faoi Alt 22 den Acht, agus i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go coitianta.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar mo chuid iniúchta le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta iomchuí do chúinsí an Bhoird, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach agus nochta go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Sa bhreis air sin, léim an tuarascáil bhliantúil an Bhoird chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireacht dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

## Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atá ullmhaithe de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird ag 31 nollaig 2012 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeádta ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

*Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar lean*

## Nithe a ndéanaim tuairisciú de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha beartaithe ina leith nó sa chás nár ghéill na hidirbhearta do na húdaráis á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- mura léiríonn an Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a thuairiscín de réir eisceachta orthu.



**Patricia Sheehan**
*Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

28 Bealtaine 2013

# Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird

Faoi Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, tá sé de dhíth ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú ina leithéid de shlí gur féidir leis an Aire Coimirce Sóisialaí, le comhthoil an Aire Airgeadais, iad a fhaomhadh. In ullmhú na ráiteas airgeadais, éilítear ar an mBord:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin sa chás gur míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Bord i mbun feidhme
- aon scaradh ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an Bhoird ag aon am agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc.



**Jane Williams**
*Cathaoirleach*

**Niall Walsh**
*Comhalta Boird*

13 Bealtaine 2013

# Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

## Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Thar ceann an Bhoird, aithním ár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas um rialú inmheánach airgeadais cuí á choimeád agus á fheidhmiú againn.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú lán dearfach a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha coiscthe nó go n-aithneofaí iad in am tráthúil.

## Príomh-nósanna imeachta rialaithe

Tá céimeanna glactha de láimh ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta tuairiscithe a bhunú chun teipeanna suntasacha a rialú agus a chinntiú go dtugtar faoi ghníomh cuí ceartaitheach
- Coiste Airgeadais agus Iniúchta tiomnaithe a bhunú
- deighilt shoiléir a chruthú idir fheidhmeanna an Bhoird agus an Fheidhmeannais
- Cód Cleachtais a fhoilsiú do chomhaltaí agus d'fhoireann an Bhoird
- iniúchóirí inmheánacha a cheapadh.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- nádúr, fairsinge agus impleacht féideartha na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí atá inghlactha dar leis
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a thagann os a chomhair a bhainistiú agus a mhaolú
- aird a thabhairt ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i leith an tairbhe a bhaintear astu.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord
- athbhreithnithe rialta á gcur i gcrích ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin
- spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- iniúchtaí inmheánacha rialta.

Mar a cuireadh i bhfeidhm in 2003 is í an fheidhm iniúchta inmheánaigh an príomhghné a chuireann an Bord ar an eolas maidir le héifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuirtear faisnéis ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochta ina leith agus tá cleachtadh anailíse riosca iomlán curtha i gcrích ina leith sin.


Tá anailís riosca agus an t-iniúchadh inmheánach formhuinithe ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus faofa ag an mBord.

Sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012, trí ghníomhaíocht leanúnach a Choiste Airgeadais agus Iniúchta, tá monatóireacht déanta ag an mBord ar obair an Fheidhmeannais i réimse an rialaithe airgeadais. Go háirithe, scrúdaigh an Coiste na nithe seo a leanas;

- cuntais bhainistíochta rialta agus/nó tréimhsiúla don bhliain 2012, le hanailís agus míniú ar chlaontaí suntasacha ón mbuiséad
- cuntais bhliantúla do 2011 agus míniú ar dhifríochtaí suntasacha
- buiséad bliantúil agus plean airgeadais don bhliain 2013
- athbhreithniú ar tháille na scéime pinsean gairme
- athbhreithniú ar an straitéis infheistíochta
- tuairiscí an iniúchta inmheánaigh.

## Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Deimhním maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2012 go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.



**Jane Williams**
*Cathaoirleach*

13 Bealtaine 2013

# Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta

Táthar tar éis na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndéileáil le míreanna a nglactar leo mar nithe ábhartha i ndáil leis na ráitis airgeadais.

## a) Bonn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil i bhfoirm atá faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoil an Aire Airgeadais, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais chomh maith de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo in Éirinn, caighdeáin atá forbartha ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais tugtha i euro.

## b) Ioncam táille

Léiríonn ioncam táille:

i) An méid a mheasann an Bord gur féidir a bhailiú maidir le scéimeanna pinsean gairme sa bhliain. Tógann an meastachán seo aird ar fháltais airgid thirim agus seiceáiltear réasúntacht an fhigiúir seo i gcoinne an ioncaim táille ionchais bunaithe ar phróifíl ríomhairithe scéimeanna an Bhoird.

ii) Méideanna dlite maidir le feidhmiú, táirgeadh agus táillí bliantúla gearrtha ar sholáthraithe na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP). Ríomhtar táillí CCSP trí thagairt don líon táirgí cláraithe faofa agus do luach na gcistí faoi bhainistíocht an tsoláthraí ag deireadh na bliana roimhe sin.

## c) Deontas Stáit

Léiríonn deontas Stáit an méid atá curtha ar fáil don bhliain ábhartha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun:

- costas na sochar aoisliúntais atá íoctha ag an mBord a fhorchúiteamh
- na costais a bhaineann leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsin a ghlanadh
- cur le costais ábhartha eile.

## d) Cúlchiste caipitil CCSP

Is ionann an cúlchiste seo agus méid an deontais Stáit gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a bhaineann le riaradh CCSP a cheannach agus déantar é a amúchadh i gcomhréir le dímheas na sócmhainní ábhartha arna ngnóthú.

## e) Dímheas agus sócmhainní seasta inláimhsithe

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe léirithe mar chostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach anseo thíos, ionas gur féidir na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe do luach measta iarmharach, thar an saol úsáideach ionchais i ngach catagóir oiriúnach.

- Feabhsuithe léasacha 6⅔% – 15 bliana
- Trealamh ríomhaireachta 25% – 4 bliana
- Troscán oifige 12½% – 8 mbliana
- Trealamh oifige 20% – 5 bliana

## f) Léas oibriúcháin

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

## g) Aoisliúntas

I bhfianaise na socruithe dá dtagraítear i nóta 19, socruithe atá déanta ag an mBord maidir leis an scéim shochair shainithe atá i bhfeidhm aige dá bhfostaithe, measann an Bord nach bhfuil forálacha Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir i ndáil le cuntasaíocht le haghaidh dliteanas pinsean a eascraíonn ó scéimeanna sochair shainithe, infheidhme.

Dá réir sin, gearrann an Bord ranníocaíochtaí fostóra i ndáil le hioncam agus caiteachas sa bhliain amhail is dá mba scéim shochair shainithe a bhí i gceist sa scéim.

Cuirtear íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh mar mhír caiteachais agus léirítear é mar chomh-ioncam a sheasann d'aisghabháil íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

## h) Cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta

De bhrí gurb é an Bord Pinsean an comhlacht rialála reachtúil atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-iontaobhaithe scéime le forálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, agus a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh go mbeadh gá ag an mBord le caingean dlí ó am go ham.

